2027.M57S2T

2027L033A1IS2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
# Sampla 2

# Gnó

## Ardleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **cúig** cheist ar an bpáipéar seo.

| | |
|---|---|
| Ceist 1 | 90 marc |
| Ceisteanna 2 go 5 | 70 marc an ceann |

Freagair **Ceist 1** agus **trí cheist ar bith eile**.

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás breise ag deireadh cheist a haon agus i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

## Tá Ceist 1 éigeantach. Freagair gach cuid de.

**Ceist 1** **Saol an Ghnó** **(90 marks)**


**Bialann an Tábla Áitiúil**

Ba iad an bheirt deartháireacha, Seán agus Marcus Ó Laoi, a bhunaigh an bhialann Éireannach, An Tábla Áitiúil in 2015. Tógadh an gnólacht timpeall ar ghné uathúil dhíolacháin (USP i mBéarla) a bhaineann le húsáid comhábhar a fhoinsítear go háitiúil, rud a léiríonn a dtiomantas don cháilíocht agus don inbhuanaitheacht. Mar sin féin, tá dúshláin cruthaithe ag an gcur chuige sin agus ina measc tá fadhbanna leis an slabhra soláthair, rud a chiallaíonn nach mbíonn gach rud ar an mbiachlár ar fáil ó cheann ceann na bliana. Le haghaidh a thabhairt air sin, tá An Tábla Áitiúil tar éis glacadh leis an nuálaíocht dhigiteach agus feidhmchlár biachlár a nuashonraítear go laethúil acu in ionad biachláir clóbhuailte. Ligeann sé sin dóibh na nithe atá á gcur ar fáil acu a nuashonrú i bhfíor-am bunaithe ar na comhábhair atá ar fáil.

Cuireadh tús leis An Tábla Áitiúil mar ionad aonair, arna mhaoiniú le coigilteas pearsanta Sheáin agus Mharcuis féin, agus líon mór custaiméirí á mealladh agus brabús á dhéanamh aige. Agus é sin á spreagadh, mhéadaigh an bheirt a ngnólacht agus dhá ionad bhreise á n-oscailt acu i mbailte in aice láimhe. Ba le hiasacht fhadtéarmach a mhaoinigh siad an méadú sin. Shuiteáil siad painéil ghréine agus é mar aidhm acu costais fuinnimh a laghdú agus ar deireadh farasbarr leictreachais a ghiniúint chun é a dhíol ar ais leis an eangach.

Feidhmíonn An Tábla Áitiúil gan sainfhoireann margaíochta. Is é Seán atá i mbun na margaíochta agus bainistíonn seisean na nuashonruithe ar na meáin shóisialta é féin nuair a bhíonn dóthain ama aige. Braitheann an gnólacht den chuid is mó ar fhocal béil, agus ní raibh sé gníomhach maidir le léirmheasanna a lorg ó chustaiméirí. Tá an iomaíocht tar éis éirí níos géire agus é deacair dá réir bonn dílis custaiméirí a choinneáil. Ainneoin a chuid fáis tá dúshláin bhreise tagtha ina threo. Tá Marcus ag streachailt le bainistíocht caipitil daonna. Tá an mhaoirseacht ar thrí ionad tar éis a n-acmhainneacht oibríochta a shíneadh freisin agus mar thoradh air sin tá méadú tagtha ar an ráta athraithe foirne agus neamhréireacht ann i dtaca le caighdeán na seirbhíse agus an táirge.

Tá brúnna geilleagracha tar éis cur lena ndeacrachtaí. Tá costais atá ag méadú ar fud gnéithe éagsúla den ghnólacht i dteannta athruithe ar an bpá íosta, tar éis dul i gcion ar an mbrabúsacht.




Agus na dúshláin sin rompu, tá Seán agus Marcus ag machnamh ar na chéad chéimeanna eile chun todhchaí An Tábla Áitiúil a dhaingniú. I measc na straitéisí a d'fhéadfadh a bheith acu tá roghanna nua biachláir plandabhunaithe a thabhairt isteach lena dtairiscintí a éagsúlú agus le bonn custaiméirí níos leithne a mhealladh. Léiríonn a n-ábhair imní an streachailt sa tionscal i gcoitinne mar go bhfuil imní léirithe ag Cumann Bialann na hÉireann faoi inmharthanacht an tionscail faoi na brúnna geilleagracha atá i réim faoi láthair. Dúnadh 856 bialann in Éirinn in 2024, rud a léiríonn an bóthar deacair atá amach rompu. Agus An Tábla Áitiúil ag déanamh a bhealaigh trí na cúinsí deacra sin, beidh a chumas oiriúnú agus a bheith nuálach fíorthábhachtach maidir lena thodhchaí a chinneadh.

**(a)** Tá méadú tagtha ar an bpá íosta náisiúnta in Éirinn ón 1 Eanáir 2025.

Mínigh tionchar **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an méadú ar an bpá íosta ar An Tábla Áitiúil.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Tá Seán agus Marcus ag machnamh ar roghanna nua plandabhunaithe a chur leis an mbiachlár.

**(i)** Déan mapáil páirtithe leasmhara chun ceithre pháirtí leasmhara a mbeidh tionchar ag an gcinneadh sin orthu a shainaithint agus chur in ord tosaíochta.

**(ii)** Déan plé ar **dhá** dhúshlán a d'fhéadfadh a bheith roimh Sheán agus Marcus agus táirgí nua á dtabhairt isteach acu, agus mínigh conas is féidir leo dul i ngleic leis na dúshláin sin.

| Dúshlán: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Conas dul i ngleic leis an dúshlán: |
| |
| |
| |
| |
| Dúshlán: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Conas dul i ngleic leis an dúshlán: |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Déan plé ar **cheithre** bhealach a bhfuil sé i gceist ag An Tábla Áitiúil feidhmiú go hinbhuanaithe.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 4 |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Tá Seán agus Marcus ag smaoineamh ar dhá cheann de na bialanna a dhúnadh agus dul ar ais ag oibriú na chéad bhialainne a bhí acu.
Úsáid Anailís Réimsí Fórsa chun iniúchadh a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an gcinneadh sin ar an ngnólacht.

**(e)** In 2024, dúnadh 856 bialann agus caifé in Éirinn.

Déan anailís ar **dhá** impleacht a bheadh ann do limistéir áitiúla dá mbeadh bialanna agus caiféanna á ndúnadh síos.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás breise do fhreagraí ar Cheist 1.
Lipéadaigh gach cuid go soiléir.

**Freagair trí cheist ar bith as ceisteanna 2 ,3, 4 nó 5.**
**Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ceist 2** **(70 marc)**

**(a)** Líon isteach an téarma atá in easnamh i gcás **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Tugtar Comhardú na________________ ar easpórtálacha sofheicthe lúide iompórtálacha sofheicthe.

**(ii)** Le linn taighde príomhúil, tugtar ___________________ ar úsáid a bhaint as líon áirithe rannpháirtithe chun táirge nó seirbhís a phlé.

**(iii)** Tugtar ________________________ ar chostais a fhanann seasmhach beag beann ar aschur gnólachta.

**(iv)** Múnla táirgeachta agus tomhaltais a chuireann síneadh le saolré táirgí, a laghdaíonn dramhaíl agus a chruthaíonn luach san am atá romhainn, tugtar ________________________ air sin.

**(v)** Tugtar ________________________________________________ ar ionadaí cheardchumann na n-oibrithe san áit oibre.

**(b)**

TikTok

**Athbhreithniú Feidhmíochta in TikTok**

Cuireadh i leith TikTok go raibh gráid ísle á dtabhairt acu d'fhostaithe in athbhreithniú feidhmíochta na cuideachta.

Mínigh **dhá** bhealach chun próiseas éifeachtach breithmheasa a chinntiú.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(c)**



Tháinig borradh ar luach na n-iasachtaí pearsanta a tarraingíodh anuas in 2023 go dtí €2bn.

Mínigh **trí** thoisc ar cheart do thomhaltóir machnamh orthu sula bhfaightear airgead ar iasacht.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |

**(d)**



Tabhair breac-chuntas ar **thrí** dhúshlán atá roimh thomhaltóirí in Éirinn de bhrí go bhfuil an tír ag brath ar an domhandú.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Tá Banc na hÉireann ag earcú do 100 ról teicneolaíochta chun tacú le tionscadail dhigiteacha ar fud an ghrúpa.




Déan measúnú ar an gcaoi a bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha i ndiaidh tionchar a bheith acu ar an áit oibre nua-aimseartha.

Spás breise don fhreagra ar an gcéad leathanach eile →

**Ceist 3** **(70 marc)**

**(a)**

| |
|---|
| **Agus árachóirí ag iniúchadh an damáiste, is cosúil go gcosnóidh Stoirm Éowyn na céadta milliún**<br>Tá rabhadh tugtha ag daoine sa tionscal go mbeidh ardú ag teacht ar phréimheanna árachais mar gheall ar an riosca breise, má thagann drochaimsir níos minice. |

Mínigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh gnólacht bainistíocht ar rioscaí.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(b)**




Spreag an t-eolas go bhfuil sé beartaithe ag JPMorgan Chase & Co a iarraidh ar fhostaithe atá ag obair go hibrideach filleadh ar an oifig go lánaimseartha na céadta ráiteas ó bhaill foirne, gearáin san áireamh.

Tháinig an cheist chun cinn tar éis don chuideachta a rá leis an bhfoireann go raibh siad ag iarraidh orthu a bheith san oifig cúig lá na seachtaine ó mhí an Mhárta ar aghaidh.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bealach a bhféadfadh cuideachtaí amhail JPMorgan Chase & Co an cur in aghaidh athruithe a shárú.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Tá an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA i mBéarla) agus an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (EBA i mBéarla) tar éis a bheith ag déanamh anailís ghníomhach ar fhorbairtí i margadh na gcripteashócmhainní.

**(i)** Déan cur síos ar **dhá** dhifríocht idir Airgeadra Digiteach an Bhainc Ceannais (CBDC i mBéarla) agus cripteashócmhainní.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh tionchar **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag airgeadra digiteach ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí

| |
|---|
| Tomhaltóirí |
| |
| |
| |
| |
| Gnólachtaí |
| |
| |
| |
| |

**(d)**

**Off the Ball ag aistriú chuig seirbhís síntiús**

Is branda spóirt Éireannach a bhfuil an-tóir air é 'Off The Ball'. Chuaigh an nuacht a chuala siad le déanaí, is é sin nach mbeidh an seó ar fáil anois ach amháin taobh thiar de bhalla íocaíochta, i bhfeidhm go mór orthu siúd atá ag éisteacht leis le fada.

Fógraíodh le déanaí go mbeadh an grúpa ag aistriú chuig seirbhís síntiús míosúil d'éisteoirí. Ar chostas €9.99 sa mhí, beidh fáil ag síntiúsóirí ar ábhar eisiach saor ó fhógraíocht ag aon am a n-iarrtar é ar fud Aip Off The Ball, Spotify, YouTube, agus Podchraoltaí Apple.

Agus aon **dá** cheann de na ceannteidil thíos á n-úsáid, cuir seirbhís síntiús amhail an ceann a pléadh thuas i gcomparáid le samhail ghnó eile atá á cur chun cinn ag an teicneolaíocht agus a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

- Giniúint ioncaim
- Rochtain agus costas tomhaltóirí
- Inscálaitheacht agus fás
- Rannpháirtíocht agus coinneáil úsáideoirí

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás breise don fhreagra ar an gcéad leathanach eile →

| 2 |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)**

> I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) tionscadal ar iompraíocht tomhaltóirí ar líne i gcrích. Ba é an príomhchuspóir a bhí leis an tionscadal sin ná iniúchadh a dhéanamh ar rannpháirtíocht tomhaltóirí le hardáin na meán shóisialta agus tionchairí ar líne.

Déan measúnú ar an tionchar atá ag teicneolaíocht dhigiteach ar iompraíocht tomhaltóirí.

| |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás breise don fhreagra ar an gcéad leathanach eile →

**Ceist 4** **(70 marc)**

**(a)**




Faigheann altra beagnach €56,000 mar gheall ar leithcheal a bhain le máithreachas.

Leithcheal ar fhoras inscne is ea leithcheal a bhaineann le toircheas.

Liostaigh **trí** fhoras, seachas foras inscne, ar a bhfuil leithcheal mídhleathach.

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |

**(b)**



D'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, an méid seo a leanas: "Tá an tAontas Eorpach agus bloc trádála Mercosur tar éis aontú ar na téarmaí le haghaidh comhaontú trádála".

**(i)** Mínigh a bhfuil i gceist leis an téarma bloc trádála.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Sainaithin bloc trádála **amháin**, seachas an tAontas Eorpach agus Mercosur, atá ábhartha i gcás gnólachtaí in Éirinn.

| |
|---|
| |

**(c)**

Cuireann Glanbia béim mhór ar an gcumarsáid agus mar sin téann siad i mbun plé gníomhach le fostaithe, feirmeoirí, agus soláthraithe. De bhrí go gcothaíonn siad comhphlé oscailte agus go mbaineann siad úsáid as meicníochtaí aiseolais, laghdaíonn Glanbia an fhéidearthacht go mbeadh pointí teannais ann.

Mínigh **trí** chúis, seachas coinbhleacht a sheachaint, a bhfuil cumarsáid éifeachtach tábhachtach d’eagraíocht.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |

**(d)**

> Chuaigh Siobhán Talbot le grúpa Glanbia in 1992, agus bhí poist shinsearacha éagsúla aici sular ceapadh ina stiúrthóir bainistíochta grúpa in 2013 í.
>
> Sula ndeachaigh sí ar scor in 2024, faoi cheannaireacht Talbot, rinneadh gnólacht saindírithe, domhanda, nuálach um chothú níos fearr de Glanbia, agus é ag freastal ar threochtaí cothaithe atá ag méadú i measc tomhaltóirí agus ar éilimh na sochaí.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar an mbealach a gcothaítear an nuálaíocht eagraíochtúil le stíl cheannaireachta a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Iiniúchadh ar **thrí** dhifríocht idir ceannaireacht agus bainistíocht in eagraíochtaí.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)**

spectrum.life

Mórchuideachta dhomhanda Éireannach a bhfuil rath uirthi is ea Spectrum.Life a chuireann bonneagar cliniciúil sláinte agus teicneolaíochta ar fáil. Tá oifigí aici atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus tá tuilleadh foirne á lorg aici. Fuair Spectrum.Life tacaíocht ó rialtas na hÉireann roimhe seo.

Déan plé ar **thrí** bhealach a bhféadann rialtas na hÉireann tacú le gnólachtaí amhail Spectrum.Life.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(70 marc)**



**(a)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc ba cheart a chur san áireamh agus modh cuí cumarsáide á roghnú i suíomh gnó.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh **dhá** bhealach ina bhféadfaí feabhas a chur ar chumarsáid in eagraíocht, seachas an modh ceart a roghnú.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(b)**


**Mars le Kellanova, déantóir Pringles, a cheannach in idirbheart ollmhór dár luach $36bn.**

Tá Mars, an chuideachta atá dírithe ar mhilseogra agus ar chúram peataí, ag iarraidh Kellanova, cuideachta atá láidir in earnáil na sneaiceanna agus na mbricfeastaí, a cheannach. In 2024, thuairiscigh Kellanova brabús oibriúcháin de $1.873 billiún. Tuairiscítear go bhfuil Mars ag tairiscint $83.50 in aghaidh na scaire, 33% os cionn luach an mhargaidh. D'fhéadfadh sé go bhfiosródh an rialaitheoir an táthcheangal, a dhéanfadh ceannaire domhanda de Mars in earnáil an bhia, gan ach Nestlé chun tosaigh orthu.

Déan anailís costais is tairbhe do Mars maidir leis an ngníomh atá beartaithe.

Spás breise don fhreagra ar an gcéad leathanach eile →

**(c)**




**(i)** Mínigh an táscaire geilleagrach a bhfuil an bhaint is mó aige leis an ngrafaic eolais thuas.

**(ii)** Déan cur síos ar **cheithre** bhealach inar féidir le tomhaltóir atá ag ceannach táirgí bia cuidiú go gníomhach leis an ngeilleagar ciorclach.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 4 |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)**




**(i)** Ainmnigh treoir ón AE a ndearna tú staidéar uirthi agus mínigh an cuspóir atá leis an treoir sin.

| |
|---|
| Ainm: |
| |
| Míniú: |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Déan measúnú ar an mbealach a dtéann an Treoir sin ón AE i bhfeidhm ar ghníomhaíocht ghnó in Éirinn.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás breise don fhreagra ar an gcéad leathanach eile →

Spás scríbhneoireachta breise.

Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás scríbhneoireachta breise.

Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Admhálacha

Íomhánna

| | |
|---|---|
| Lch 3 | State Examinations Commission |
| Lch 10 | https://www.tiktok.com/ |
| Lch 11 | https://www.irishexaminer.com/business/economy/arid-41391622.html |
| Lch 12 | https://www.flickr.com/photos/iip-photo-archive/22307565878 |
| Lch 13 | https://www.bankofireland.com/ |
| Lch 16 | https://www.irishtimes.com/business/financial-services/2025/01/13/jpmorgan-staff-complain-amid-return-to-office-ask/ |
| Lch 18 | https://bauermedia.ie/2023/08/off-the-ball-launches-new-subscription-model/ |
| Lch 21 | https://www.rte.ie/brainstorm/2023/0901/1316710-workplace-relations-commission-wrc-guide/ |
| Lch 21 | https://www.irishexaminer.com/world/arid-41531561.html |
| Lch 22 | https://www.glanbia.com/ |
| Lch 25 | https://www.spectrum.life/ |
| Lch 26 | https://upraise.io/blog/making-business-meetings-efficient/ |
| Lch 27 | https://iancul.com/project/mars-incorporated/ |
| Lch 29 | https://www.cso.ie/en/csolatestnews/presspages/2024/costofafullirishbreakfast2024 |
| Lch 31 | https://www.hrheadquarters.ie/hr-news/new-eu-directive-transparent-predictable-working-conditions-across-eu/ |

Téacs

| | |
|---|---|
| Lch 10 | https://www.thejournal.ie/tiktok-performance-reviews-low-grades-6293331-Feb2024 |
| Lch 11 | https://www.irishexaminer.com/business/economy/arid-41391622.html |
| Lch 13 | https://www.rte.ie/news/business/2024/0701/1457525-bank-of-ireland-100-tech-jobs |
| Lch 15 | https://www.irishtimes.com/environment/2025/01/24/storm-eowyn-cost-likely-to-be-in-hundreds-of-millions-as-insurers-survey-damage/ |
| Lch 16 | https://www.irishtimes.com/business/financial-services/2025/01/13/jpmorgan-staff-complain-amid-return-to-office-ask/ |
| Lch 18 | https://www.irishpost.com/sport/fans-of-off-the-ball-are-not-happy-with-their-new-paywall-option-258316 |
| Lch 19 | https://www.ccpc.ie/business/ |
| Lch 21 | https://www.rte.ie/news/business/2024/0411/1443048-nurse-wins-56-000-for-maternity-discrimination/ |
| Lch 21 | https://www.irishexaminer.com/world/arid-41531561.html |
| Lch 22 | https://www.glanbia.com/about/values-culture |
| Lch 23 | https://www.agriland.ie/farming-news/glanbia-managing-director-to-retire/ |
| Lch 25 | https://www.spectrum.life/ |
| Lch 27 | https://www.rte.ie/news/business/2024/0814/1464893-snickers-maker-mars-to-acquire-pringles-maker-kellanova/ |

D'fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gnó

Sampla 2

2 uair 30 nóiméad